Robáil i gCill Dara

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi sheachtar fear a tugadh os comhair na cúirte i gContae Chill Dara. Sula bhféachann tú ar an tuairisc féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo – an dtuigeann sibh iad?

comhcheilg	breitheamh
ar bannaí	dianslándáil
neamhchiontach	
i bhfeidhm	fianaise

Ceist 2 Anois éist leis an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht na píosaí eolais sa dá cholún thíos a cheangal. Pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat.

1. Tugadh seachtar fear os comhair cúirte	a. taobh amuigh d'ollmhargadh
2. Bhí dianslándáil	b. d'aon duine den seachtar
3. Gabhadh iad	c. as iarracht milliún euro a robáil
4. Níor ceadaíodh bannaí	d. go raibh sé neamhchiontach
5. Dúirt Éamonn Dunne	e. i bhfeidhm i gCúirt Dúiche Chill Mhaighneann

Ceist 3 Éist leis an tuairisc arís agus déan iarracht an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní a fháil:

de (cuid) _____
faoi (comhcheilg) _____
i (Contae Chill Dara) _____
faoi (coinneáil) _____
de (ollmhargadh) _____
den (fianaise) _____
de (aon) _____
sa (cúirt) _____

Ceist 4 Bí ag obair leis an duine in aice leat anois agus cuir an fhoirm cheart den bhriathar sna bearnaí. Tá na habairtí ar fad le cloisteáil sa tuairisc. Cén chuid den bhriathar atá i gceist?

1. _____ seachtar fear os comhair na cúirte. (tabhair)

2. _____ an seachtar siar faoi choinneáil go dtí an tseachtain seo chugainn. (cuir)

3. _____ chun na cúirte iad duine ar nduine. (tabhair)

4. Tá siad á gcoimeád ón Aoine seo caite nuair a _____ iad taobh amuigh d'ollmhargadh. (gabh)

5. Níor _____ bannaí d'aon duine den seachtar. (ceadaigh)

6. _____ sa gcúirt go ndúirt duine acu, Éamonn Dunne. (abair)

7. Nuair a _____ é inné. (cúisigh)

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad é a rialaigh an Breitheamh John Lindsay? Cén fáth?
An bhfuil a fhios agaibh faoi aon robáil mhór eile a tharla sa tír le cúpla bliain anuas?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Comhcheilg	conspiracy
Breitheamh	Judge
ar bannaí	on bail
dianslándáil	high security
neamhchiontach	not guilty
i bhfeidhm	implemented
fianaise	evidence

Ceist 2

1. c
2. e
3. a
4. b
5. d

Ceist 3

- de chuid
- faoi chomhcheilg
- i gContae Chill Dara
- faoi choinneáil
- d'ollmhargadh
- den fhianaise
- d'aon
- sa gcúirt/sa chúirt

Ceist 4 An briathar saor san aimsir chaite atá i gceist.

1. **Tugadh** seachtar fear os comhair na cúirte. (tabhair)
2. **Cuireadh** an seachtar siar faoi choinneáil go dtí an tseachtain seo chugainn. (cuir)
3. **Tugadh** chun na cúirte iad duine ar nduine. (tabhair)
4. Tá siad á gcoimeád ón Aoine seo caite nuair a **gabhadh** iad taobh amuigh d'ollmhargadh. (gabh)
8. Níor **ceadaíodh** bannaí d'aon duine den seachtar. (ceadaigh)
9. **Dúradh** sa gcúirt go ndúirt duine acu, Éamonn Dunne. (abair)
10. Nuair a **cúisíodh** é inné. (cúisigh)

Ceist 5

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Robáil i gCill Dara

Éimear Ní Chonaola
Fáilte ar ais go dtí an dara leath de chuid nuacht TG4. Tugadh seachtar fear os comhair cúirte faoi chomhcheilg a bheith ar bun acu beagnach milliún euro a robáil i gContae Chill Dara an tseachtain seo caite. Cuireadh an seachtar siar faoi choinneáil go dtí an tseachtain seo chugainn. Tá an tuairisc seo ag Brídóg Ní Bhuachalla.

Brídóg Ní Bhuachalla
Bhí dianslándáil i bhfeidhm i gCúirt Dúiche Chill Mhaighneann ar maidin agus an seachtar fear a thabhairt os a comhair. Tugadh chun na Cúirte iad duine na nduine. Sin iad Michael Ryan agus Joseph Warren as Baile Munna. Jefferey Murrow agus Darryl Caffrey as Sórd. Éamonn Dunne as Fionnghlas agus na deartháireacha Bradley, Wayne Bradley as Fionnghlas agus Alan Bradley as Baile Ceannt i gContae na Mí. Tá siad á gcoimeád ón Aoine seo caite nuair a gabhadh iad taobh amuigh d'ollmhargadh i gCill Droichead, Co. Chill Dara.

Rialaigh an Breitheamh John Lindsay nach raibh cead ag na meáin chumarsáide cuid den fhianaise a thuairisciú maidir leis na fáthanna gur chuir na Gardaí in aghaidh bannaí. Níor ceadaíodh bannaí d'aon duine den seachtar. Dúradh sa gcúirt go ndúirt duine acu Éamonn Dunne, nuair a cúisíodh é inné, go raibh sé go hiomlán neamhchiontach.